



# Tuarascáil Achomair ar **Tháscairí Feidhmíochta** **Príomhghníomhaíochta Aeráide** Rialtais Áitiúil 2024

Meán Fómhair 2025

An Dr Bernie O'Donoghue Hynes, Robert Keane and Holly Morrin

Tuarascáil Achomair ar Tháscairí Feidhmíochta Príomhghníomhaíochta Aeráide Rialtais Áitiúil 2024

Meán Fómhair 2025

Taighde Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

ISBN: 978-1-911692-24-9

Ba cheart go luafaí an doiciméad seo mar seo a leanas:

O'Donoghue Hynes, B., Keane, R., and Morrin, H. (2025)

Tuarascáil Achomair ar Tháscairí Feidhmíochta Príomhghníomhaíochta Aeráide Rialtais Áitiúil 2024

Baile Átha Cliath: An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil



# Buíochas

Ba mhaith leis na húdair buíochas a ghabháil le foireann na n-údarás áitiúil um ghníomhú ar an aeráid a chríochnaigh na suirbhéanna agus a d'fhóraigh na sonraí a cuireadh isteach agus le foireann Oifigí Réigiúnacha na Gníomhaíochta ar an Aeráid a thacaigh leis an bpróiseas. Mar an gcéanna, tá buíochas ag dul do bhaill foirne na ngníomhaireachtaí, na n-oifigí agus na ranna rialtais a sholáthraíonn sonraí, lena n-áirítear Fiontraíocht Éireann, an Grúpa Oiliúna Náisiúnta um Sheirbhísí Údarás Áitiúil, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an tÚdarás Iompair Náisiúnta, Oifig Réigiúnach Gníomhaithe Aeráide an Oirthir agus na Lár-Tíre, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, agus Oifig Chomhordú an tSoláthair Tithíochta an GBRÁ a chuir sonraí isteach agus a d'fhreagair ceisteanna.

Bhí foireann Láraonad Sonraí an GBRÁ ríthábhachtach maidir le sonraí a bhailiú ó údaráis áitiúla trína n-uirlis suirbhé agus na sonraí a léirshamlú ar phainéil atá ar fáil d'fhoireann gníomhaíochta aeráide na n-údarás áitiúil agus d'fhoireann CARO.

Mar fhocal scoir, buíochas ar leith do bhaill Ghrúpa Oibre PTF Gníomhaíochta Aeráide a d'oibrigh ar feadh na bliana chun na PTFanna a fhorbairt don earnáil, le ceadú Choiste Comhshaoil, Aeráide agus Geilleagair Chiorclaigh CBCC. Thacaigh an grúpa le bailiú agus léirmhíniú na sonraí freisin.

## **Ballraíocht i nGrúpa Oibre PTF um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2024:**

- Teresa O'Brien, (Cathaoirleach) Comhairle Contae Chill Mhantáin
- Breda Maher, CARO an Oirthir agus Lár Tíre (Bainisteoir Tionscadail)
- Bernie O'Donoghue Hynes, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Tacaíocht Taighde)
- Alex Grassick, Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhairle Contae Chiarraí
- Tina Ryan, Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhairle Contae na Gaillimhe
- John Mc Nally, Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhairle Contae Uíbh Fhailí
- Tara Kerins, GBRÁ (Láraonad Sonraí)

Tacaíocht:

- Thomas Rooney, CARO an Oirthir agus na Lár-Tíre (Tacaíocht Riaracháin)
- Rob Keane, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Tacaíocht Taighde)
- Holly Morrin, Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (Tacaíocht Taighde)

# Brollach

Cé go bhfuil údaráis áitiúla ag tabhairt aghaidh go gníomhach ar ghníomhaíocht ar son na haeráide le blianta fada, thosaigh an earnáil ag rianú príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) go foirmiúil in 2021 ag díriú ar líon teoranta réimsí amhail earcú foirne gníomhaíochta ar son na haeráide agus soláthar oiliúna. Ó shin i leith, tá líon na dtáscairí méadaithe go deich gcinn, scaipthe thar thrí théama. Breithníonn na táscairí seo an tionchar atá ag an earnáil ar oiriúnú, maolú, acmhainneacht a thógáil agus meon a athrú. Déanann na táscairí príomhshruthaithe monatóireacht freisin ar cibé an bhfuil na hacmhainní agus an bonneagar riachtanach i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar gníomhú ar son na haeráide mar fhreagracht ar fhoireann uile na n-údarás áitiúil agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil foireann tiomanta i gceannas agus i maoirseacht ar ghníomhartha.

Léirigh na príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) príomhshruthaithe do 2024 torthaí dearfacha don earnáil. Bhí níos mó baill foirne ag obair mar Oifigigh agus Comhordaitheoirí Gníomhaíochta Aeráide ná aon cheann de na blianta roimhe sin. Ina theannta sin, bhí Oifigigh Ghníomhaíochta Aeráide Pobail i bhfeidhm ag gach údarás áitiúil. Ba thorthaí an-dearfacha iad seo toisc gur thuairiscigh údaráis áitiúla uimhreacha níos ísle sna blianta roimhe sin, mar gheall ar dheacrachtaí maidir le hearcú agus coinneáil foirne. Ar an gcaoi chéanna, bhí níos mó baill foirne tras-rannacha páirteach i bhFoirne agus i bhfoghrúpaí Gníomhaíochta Aeráide in 2024 i gcomparáid le blianta roimhe sin.

Bhí an méadú ar rannpháirtíocht na foirne ríthábhachtach i bhforbairt na 31 Phlean Gníomhaíochta Aeráide d'Údarás Áitiúil (LACAPanna). Tar éis taighde agus comhairliúcháin fhairsing, d'ullmhaigh gach údarás áitiúil plean cuimsitheach cúig bliana, a ghlac comhaltaí tofa faoin 31 Márta 2024 nó roimhe. Aithníodh beagnach 4,000 gníomh sna 31 plean agus déanfar rianú ar a ndul chun cinn sna blianta amach romhainn tríd an tuarascáil seo.

Ag an am céanna, leanadh leis an obair ar bhearta taistil ghníomhaigh a chur i bhfeidhm, agus cuireadh 181km breise de bhonneagar rothaíochta/coisithe leis in 2024. Le trí bliana anuas, rinne údaráis áitiúla athchóiriú ar níos mó ná 7,300 teach. Is ionann an coigilteas fuinnimh bliantúil iomlán ar fud athchóirithe na n-údarás áitiúil agus an fuinneamh a theastaíonn chun níos mó ná 6,000 teaghlach a rith. Léirigh torthaí ÚFIÉ do 2023 go raibh údaráis áitiúla ag leanúint orthu ag laghdú astaíochtaí agus ag sábháil fuinnimh gach bliain i gcomparáid leis na blianta bonnlíne.

Ba bhliain í 2024 freisin inar tháinig laghdú ar ghníomhaíochtaí agus ar chruinnithe a tionóladh maidir le pleananna éigeandála a bhain leis an aimsir, i gcomparáid le 2023, ach bhí an ghníomhaíocht níos airde ná 2022. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, ba iad na freagairtí is minice ná gaoth agus báisteach, seachas sneachta, oighear nó teochtaí ísle.

Réimse eile ina raibh údaráis áitiúla ag déanamh rannchuidiú an-dearfach le tógáil acmhainne in 2024 ná trí sheachadadh an tionscnaimh Glas do Ghnó. Bhí na hOifigí Fiontar Áitiúil ag plé le 1,016 FBManna, beagnach dhá oiread an líon i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bhí an earnáil in ann tacú le 683 tionscadal gníomhaíochta aeráide pobail in 2024 faoin gclár gníomhaíochta aeráide pobail freisin.

Mar sin féin, ní raibh torthaí 2024 do bhaill foirne agus do chomhaltaí tofa a ghlac páirt in oiliúint ar ghníomhaíocht aeráide chomh fabhrach le blianta roimhe sin. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an bplean agus an buiséad oiliúna earnála nua a bhí á bhforbairt le linn chéad leath na bliana 2024, agus mar sin ní raibh aon oiliúint ar fáil. Táimid ag súil go bhfeicimid méadú suntasach ar an oiliúint nuair a dhéanfar athbhreithniú ar fhiigiúirí 2025 an bhliain seo chugainn.

Tríd is tríd, léiríonn tuarascáil PTF na n-údarás áitiúil in 2024 an raon leathan gníomhaíochtaí atá ar bun ag an earnáil agus an tionchar dearfach atá ag na gníomhartha seo ar an gceist ríthábhachtach seo a réiteach. Cé go gcabhraíonn úsáid PTFanna chun dul chun cinn a mhonatóiriú leis an earnáil tionchair dhearfacha a rianú, cuireann siad an earnáil faoi chuntasacht freisin mar go n-aibhsíonn siad réimsí nach bhfuil an earnáil ag feidhmiú go maith iontu. Glacann Coiste ECCE CBCC leis na torthaí seo agus oibríonn sé chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh atá le feiceáil. Comhcheanglaíonn na PTFanna leis na 31 LACAPanna chun fócas agus cuntasacht a sholáthar agus muid ag dul chun cinn i dtreo aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide le chéile.

Frank Curran  
Cathaoirleach  
Coiste Comhshaoil, Aeráide agus Geilleagair Chiorclaigh CBCC



**Cuireann an tuarascáil seo achoimre grafaic eolais ar Tháscairí Feidhmíochta Príomhúla Gníomhaíochta Aeráide 2024 i láthair. Is féidir rochtain a fháil ar an tuarascáil iomlán, lena n-áirítear sonraí ar leibhéal an údaráis áitiúil, ar [localgov.ie](http://localgov.ie).**

# PTF 1 Baill Foirne um Ghníomhú ar son na

## 2024

Tá foireann tiomanta maidir le gníomhaíocht aeráide ríthábhachtach chun gníomhaíocht aeráide a sheachadadh go héifeachtach agus go comhordaithe




Bhí **Foireann um Ghníomhú Aeráide** i bhfeidhm ag gach údarás áitiúil ar an 31/12/24



# 60.5

Bhí 60.5 Oifigeach agus Comhordaitheoirí Gníomhaíochta Aeráide tiomnaithe FTE i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

Líon na n-údarás áitiúil a raibh foireann ghníomhaíochta aeráide pobail acu ag deireadh na bliana 2024



■ **Foireann Lánaimeartha um Ghníomhú Aeráide Pobail**

■ **Foireann Páirtaimseartha um Ghníomhú Aeráide Pobail**

Ina theannta sin, bhí foireann Ghníomhaíochta Aeráide Pobail i bhfeidhm i ngach údarás áitiúil ag deireadh na bliana.

# PTF 2 Foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide

Cuireann baill foirne ó gach réimse oibre le Foirne Gníomhaíochta Aeráide



# 823

Bhí baill foirne páirteach sna 31 fhoireann gníomhaíochta aeráide de chuid na n-údarás áitiúil



# 21

bhí foghrúpaí ag údarais áitiúla chun tacú le hobair na bhFoirne Gníomhaíochta Aeráide



# 122


Reáchtáladh cruinnithe go náisiúnta ag Foirne Gníomhaíochta Aeráide le linn 2024

# 163

Reáchtáladh cruinnithe go náisiúnta ag foghrúpaí Gníomhaíochta Aeráide


Foireann agus Treochtaí Foirne Gníomhaíochta Aeráide

Mhéadaigh líon na foirne atá tiomnaithe don ghníomhaíocht aeráide gach bliain




Líon na foirne gníomhaíochta aeráide atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana

Bhí Foirne Gníomhaíochta Aeráide i bhfeidhm ag gach údarás áitiúil faoi dheireadh 2024



Stádas Fhoirne Gníomhaíochta Aeráide na n-údarás áitiúil ag deireadh na bliana

Mhéadaigh líon na gcomhaltaí ar Fhoirne Gníomhaíochta Aeráide gach bliain



Líon chomhaltaí CAT ag deireadh na bliana

OIRIÚNÚ AGUS MAOLÚ

PTF 3 Tionscadail Taisteal Gníomhach

2024

Tá tionscadail taistil ghníomhaigh ríthábhachtach chun réitigh iompair atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a fhorbairt



1,012

bhí údarás áitiúla ag obair go gníomhach ar thionscadail in 2024



153

Críochnaíodh tionscadail i rith na bliana agus mar thoradh air sin cruthaíodh 181km de bhonneagar taistil ghníomhaigh breise

Treocht Taisteal Gníomhach

| Tionscadail Taisteal Gníomhach | 2023 (100%) | 2024 (100%) |
|--------------------------------|-------------|-------------|
| Dearadh                        | 581 (58%)   | 606 (60%)   |
| Tógáil                         | 201 (20%)   | 253 (25%)   |
| Curtha i gCrích                | 219 (22%)   | 153 (15%)   |
| Iomlán                         | 1,001       | 1,012       |

|          |        |        |
|----------|--------|--------|
| KM       | 168.8  | 181.1  |
| €Milliún | 330.77 | 310.16 |

2024

Laghdaíonn athchóirithe tithíochta sóisialta costais do thionóntaí agus laghdaíonn siad úsáid fuinnimh agus astaíochtaí carbóin



2,634

Sa bhliain 2024, rinne údaráis áitiúla athchóiriú ar 2,634 teach sóisialta



93%

d'aonaid athchóirithe a raibh RFF B2 nó níos airde acu




91%

d'aonaid athchóirithe agus suiteáladh caidél teasa iontu



37,712 MWh/Bliain

Ríomhadh gurbh ionann na coigiltis fuinnimh bliantúla agus 37,712 MWh/Bliain



10,360 tCo2/Bliain

Ríomhadh gurbh ionann laghduithe bliantúla carbóin agus 10,360 tCo2/Bliain


## Treocht Athchóirithe Tithíochta Sóisialta

| Tithe Sóisialta a larfheistíodh | 2022   | 2023   | 2024   | Iomlán  |
|---------------------------------|--------|--------|--------|---------|
| Uimhreacha tithe                | 2,283  | 2,445  | 2,634  | 7,362   |
| BER B2                          | 88%    | 95%    | 93%    | 92%     |
| RFF Costas Optamach             | 11%    | 5%     | 6%     | 7%      |
| Teaschaidél a suiteáladh        | 68%    | 90%    | 91%    | 83%     |
| Teaschaidél a suiteáladh        | 29,954 | 35,663 | 37,712 | 103,329 |
| Coigilt fuinnimh MWh/Bliain     | 8,600  | 10,376 | 10,360 | 29,336  |

Is ionann an coigilteas fuinnimh iomlán agus an fuinneamh a theastaíonn chun 6,000 teach a rith in aghaidh na bliana

2023\*

Ríomhann an ÚFIÉ laghduithe astaíochtaí  
údaráis áitiúla gach bliain



Laghdaigh údaráis áitiúla  
astaíochtaí CO2 iomlána faoi  
33.9% in 2024



Bhí laghdú 9.6% ar astaíochtaí ó  
fhoinsí teirmeacha agus iompar

### Treocht Astuithe

|                                                                                                            | 2022   | 2023    |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------|---------|
| Athrú ar astaíochtaí<br>GCT iomlána ó<br>bhonnline GCT:<br><b>Teirmeach, Iompar<br/>agus Leictreachas</b>  | -9.60% | -33.90% |
| Athrú ar astaíochtaí<br>GCT neamh-<br>leictreachais ó<br>bhonnline GCT<br><b>Teirmeach agus<br/>Iompar</b> | -6.70% | -9.60%  |

Reductions based on comparison with  
base year 2016-2018 average

\*Ní raibh sonraí Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa ÚFIÉ 2024 ar fáil nuair a bhí an tuarascáil seo á foilsiú

2024

D'ullmhaigh gach údarás áitiúil Plean Gníomhaíochta Aeráide cúig bliana a ghlac na  
comhaltaí tofa go foirmiúil faoi Mhárta 2024



# 3,951

shainaithin údaráis áitiúla gníomhartha ina bpleananna  
gníomhaíochta aeráide



Rinneadh

# 476

gníomh a chatagóiriú  
mar oiriúnú

Rinneadh

# 1,659

gníomh a chatagóiriú  
mar mhaolú

# 1,816

catagóiríodh gníomhartha  
mar chomhcheangailte  
(oiriúnú agus maolú araon)

Bhí 

# 79%

de na gníomhartha tosaithe faoi  
dheireadh na bliana

Bhí 


# 5%

de na gníomhartha críochnaithe faoi  
dheireadh na bliana

# 29%

de na gníomhartha a athfhilltear go bliantúil (nó go rialta)  
a críochnaíodh in 2024

## Stádas ghníomhartha LACAP 2024



# PTF 7 Freagairt Éigeandála in Aimsir Throm

## 2024

Tá socruithe áitiúla i bhfeidhm ag údaráis áitiúla a chinneann conas agus cathain a thagann a bhFoirne Freagartha Éigeandála Adhaimsire le chéile agus cathain a ghníomhaíonn siad Pleananna Freagartha Éigeandála



### 28

Reachtáil údaráis áitiúla cruinnithe den Fhoireann Freagartha Éigeandála in 2024



Tionóladh

### 254

cruinniú san iomlán i rith na bliana



### 133


Cuireadh Plean Freagartha Éigeandála i gcás Drochaimsire i ngníomh i 24 údarás áitiúil



Ba iad imeachtaí a bhain leis an ngaoth an phríomhchúis le gníomhachtú pleananna, agus ina dhiaidh sin imeachtaí a bhain leis an mbáisteach


## Treochtaí Freagartha Éigeandála i nDrochaimsir

### Cúiseanna le gníomhachtú Phlean Freagartha Éigeandála maidir le Drochaimsir 2022 – 2024



\* Ní raibh sonraí Chontae na Gaillimhe 2024 ar fáil.

### Foirne freagartha éigeandála aimsire agus gníomhachtuithe pleananna 2022-2024



2024

Tá Oiliúint ar Ghníomhú ar an Aeráid forbartha do bhaill foirne údarás áitiúil agus do chomhaltaí tofa chun feachtas a mhúscailt faoin ngníomhú ar an Aeráid agus chun acmhainn na hearnála a thógáil



2,825

Fuair baill foirne údarás áitiúil agus baill tofa rochtain ar áiteanna oiliúna ar ghníomhaíocht aeráide in 2024




Ullmhaíodh agus ceadaíodh Plean Oiliúna Gníomhaíochta Aeráide nua d'Údarás Áitiúil i lár 2024



## Treocht Oiliúna um Ghníomhú ar an Aeráid in Údaráis Áitiúil

Rochtainíodh ar 28,802 áit oiliúna ar ghníomhaíocht aeráide idir 2021 agus 2024

Líon na n-áiteanna oiliúna ar ghníomhú aeráide ar a raibh rochtain ag baill foirne agus ag baill tofa orthu 2021-2024



2024

Cuidíonn Oifigí Fiontair Áitiúla (LEOanna) na n-údarás áitiúil le gnólachtaí beaga a bheith níos inbhuanaithe trí athruithe beaga a dhéanamh a bhfuil tionchar mór acu tríd an Tionscnamh Glas do Ghnó




Bhain **1,016**  
FBManna leas as an  
tionscnamh Glas do  
Ghnó in 2024

In 2024, bhí fás suntasach le feiceáil i nglacadh leis an gclár. Is ionann 1,016 agus an líon is airde gnólachtaí rannpháirteacha a taifeadadh go dtí seo

## Treocht Glas do Ghnó

Líon na FBManna a fhaigheann rochtain ar Ghlas do Ghnó 2021-2024



**2,276**

Ghlac FBManna páirt  
sa tionscnamh idir 2021  
agus 2024

2024

Cuireann údaráis áitiúla deontais ar fáil do ghrúpaí pobail tríd an gClár Gníomhaíochta Aeráide Pobail



683

Mhaoinigh údaráis áitiúla tionscadail  
Ghníomhaíochta Aeráide Pobail in 2024



154

Ba thionscadail  
mhóra iad %  
díobhs



244


ba thionscadail  
mheánacha iad  
% díobh



285

ba thionscadail  
bheaga iad %  
díobhs

#### Stádas ghníomhartha chlár gníomhaíochta aeráide pobail na n-údarás áitiúil 2024



- Rinneadh athbhreithniú ar 36% de na tionscadail agus ceadaíodh maoiniú dóibh.
- Bhí 52% de na tionscadail ar siúl
- Bhí 12% de na tionscadail críochnaithe faoi dheireadh na bliana



